# Soloist Orla to perform in Mount Wolseley

SOLOIST and songwriter Orla will perform in concert at Mount Wolseley, Tulllow on Saturday 12 February at 8pm. Tickets are €20 and are available from Mount Wolsely on 059 9180100 or 087 2958926. Des Moore (brother of Butch Moore) will accompany Orla on guitar and Sinead Madden (fiddle) will also be on stage. Orla is just back from her American tour and is delighted to be preforming her only local concert in Mount Wolseley.

## Hacketstown



CONTACT: MARY DOYLE TEL: 087 6292436
EMAIL: MGD9@EIRCOM.NET

**COME DANCING**
Come dancing on Friday 28 January in Slate Row Hall. Music will be provided by the ever popular Crest. A raffle will also take place and the usual refreshments will be served so get those dancing shoes on and dance the night away.

**HACKETSTOWN AC**
Hacketstown Athletic Club held its AGM recently in St John's Hall. Chairperson Dick Bulmer welcomed everyone to the meeting and congratulated all the athletes who took part during the year.

The following officers were elected: chairperson, Dick Bulmer; vice-chairperson, Johnny Maguire; secretary, Eileen Lyons; treasurer, Bronagh Maguire; child officer, Johnny Maguire; committee, Noel Lyons, Colm Doyle and Irene Cullen.

**COMMUNITY GAMES**
The boys' U13 indoor soccer was held recently in Carlow CBS. Hacketstown were defeated by Borris 3-0; Borris then went on to win the final, defeatingBennekerry /Tinryland 2-0. Those who played well for Hacketstown were Keane Doyle in goal, Josh Bowes, playing well until he had to go off injured. Also playing their part were Tom Pollard, James Whelan, Daniel Quigley, Cormac Malee and Francis Whelan.
Community Games art takes place in St John's Hall on Saturday 29 January at 2pm - paper will be provided. Anyone interested in the talent competition should contact Deirdre McCarney Byrne.

**CREATIVITY AND CHAT!**
After the disappointment of previous cancellations due to winter snow and ice, West Wicklow Arts Network will finally launching its new social event, Culture Café, in the cosy environment of Davidstown Schoolhouse on Thursday 27 January at 8pm. The goal of the project is to bring people from the West Wicklow area together with a creative theme to celebrate local creativity, food and friendship. The first night will feature local music, food, refreshments, a warm welcome, an opportunity to have a go at drawing and painting with local artist Lar Griffin, plus some other surprises.

**PARENTING PROGRAMME**
Living with the joys and challenges of parenting? Why not consider a parents plus parenting programme, provided by the HSE for parents of children aged 1-6 years. Topics include tuning into your child, understanding and responding to misbehaviour, child-centred play and communication, the praise/ignore principle, assertive parenting and many more.

The programme commences on Wednesday 2 February from 10.30am to 12.30pm for six weeks in the Christian Centre, The Green, Hacketstown. There is no charge for classes.

For further details, contact Mairead Julian, co-ordinator of the Carlow Kilkenny Parent Support Programme, Health Promotion Unit, Dean Street, Kilkenny on 056 7761400 or public health nurse Trish Kenny, Hacketstown Health Centre on 059 6471319.

**COUNTY MARKET**
Baltinglass and District country market will reopen on Saturday 12 February from 10am to 1pm. Please note, the market is now in Strafford Lodge School, Baltinglass (just down the Chaple Lane).

**CHARITY AUCTION**
The annual charity auction will take place on Sunday 6 March in Hacketstown Community Centre. More details later.

**KNOCKANANNA HALL**
Special offer: Monthly membership of Hall gym is now €20and if you sign up in January, you can have a month membership for February, March and April for €20 each month also. Contact Sheila on 059 64 71697 or Linda on 087 9696871 for more information or to arrange access.

# Glór Cheatharlach

## Gaeilge le Gaelchultur i gCeatharlach

THÁINIG Darren Ó Rodaigh, stiúrthóir Gaelchultúr Teoranta go Ceatharlach an tseachtain seo caite chun séasúr an Earraigh de na Cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta a sheoladh go hoifigiúil. Bhí Darren agus Mícheál Ó Muircheartaigh i láthair chun teastais agus an fáinne a bhronnadh ar rannpháirtithe na gcúrsaí a reachtáladh i gCeatharlach i rith 2010. Tá an-áthas ar Glór Cheatharlach a fhógairt go mbeidh cúig leibhéal de na cúrsaí oíche á thairiscint ag Gaelchultúr i gCeatharlach.

"Tá ag éirí go hiontach leis na cúrsaí Gaelchultúir i gCeatharlach ó cuireadh tús leo anseo ceithre bliana ó shin", arsa Darren."Bhain gach duine a bhí páirteach taitneamh agus tairbhe astu le roinnt daoine ag teacht ar ais arís agus arís eile chun cúrsa nua a dhéanamh".

Cuirfear tús le séasúr an earraigh de na cúrsaí Gaelchultúir an tseachtain dar tús 7ú Feabhra agus rachaidh siad ar aghaidh ar feadh tréimhse 12 seachtain. Beidh Bunrang 1&2 ar Dé Luain, Meánrang 1&2 ar Dé Máirt agus Ardrang ar Dé Céadaoin. 'Sé táille gach cúrsa ná €240. Déanann na leibhéil éagsúla freastal cuí ar fhoghlaimeoirí ó fhíor thosaitheoirí go cruinneas gramadaí. Mairfidh gach rang ó 7:00 - 9:00i.n. oíche amháin sa tseachtain agus beidh siad uilig ar siúl in oifigí an Chomhairle Chontae ar Bhóthar Átha Í.

Chun teacht ar an leibhéal is oiriúnaí do dhuine is féidir scrúdú féinmheasúnú gearr a dhéanamh ar shuíomh Gaelchultúr ar www.gaelchultur.com. Tá clárú oscailte anois ar líne. Gach eolas ó Glór Cheatharlach ar 085/ 1340047, 059/9158105 nó scríobh chuig emma@glorcheatharlach .ie

Dóibh siúd go bhfuil cúrsa níos giorra uatha an t-earrach seo reachtálfar mion-chúrsa sé seachtaine dar teideal Gaeilge Labhartha i nGaelcholaiste Cheatharlach. Clárú agus eolas faoin gcúrsa seo agus faoi chúrsa sa Rince Sean-Nós ón nGaelcholáiste ach glaoch ar 059 9132130.



**Grúpa de rannpháirtithe na gCúrsaí Gaelchultúir le Mícheal Ó Muircheartaigh, Darren Ó Rodaigh agus Bríde de Róiste**

**Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó: Glór Cheatharlach, Carlow Gateway Business Centre, Bóthar Átha Í, Ceatharlach. (059) 9158105 / (085) 1340047. emma@glorcheatharlach.ie. www.glorcheatharlach.ie. Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!**

## Oíche Mhór Cheiliúrtha



**An tAthair Andy Ó Laoithe (An Tulach), ealaíontóir Anne Murphy , Mícheál Ó Muircheartaigh agus An Mons. Breandan Ó Broin (Easbog Ionaid na Deoise)**

THÁNGADAR ina sluaite idir óg agus sean, idir chléir agus tuataigh. Daoine ar bheagán Gaeilge, foghlaimeoirí na teanga, cainteoirí líofa, díograiseoirí chomh maith leo siúd an cupla focal. Ach thar aon ní eile bhíodar ann chun an laoch Mícheál Ó Muircheartaigh a fheiceáil agus a chloisteáil. Cuireadh míle fáilte roimh an fear uasal agus faoi mar is dual dó chothaigh sé atmaisféar lán de dhóchas, de mhisneach agus d'fhuinneamh gan mhoill sa halla.

Ócáíd mhór dhátheangach na bliana eagraithe ag Glór Cheatharlach a bhí ar siúl san Ostán Seven Oaks ar an Mháirt, 18ú Eanair agus míreanna suimiúla ar chlár na hoíche. Lainseáil oifigiúil an phacáiste dhátheangach An Doirseoir ar bharr an liosta agus thug An tAthair Leo Mac Amhlaoibh ó mhainistir áitiúil na gCaipisíneach cur síos ar an tionscnamh ó thus deireadh. Scéal beatha an Athar Solanus Uí Chathasaigh a chaith os cionn leath chéad bliain i mainistir éagsúla i Meiriceá ag feidhmiú mar dhoirseoir a bhí sa leabhrán The Doorkeeper. Níor ceadaíodh dó faoistin a éisteacht ná seanmóir a thabhairt toisc go raibh ceist ag údaráis na gCaipisíneach maidir lena chumas intleachta agus acadúla i gcomhair na sagartóireachta. Bíodh as an gcoitiantacht dá shagartóireacht, ba rathmhar torthúil í mar sin féin. Joan Coen as Ceatharlach a d'aistrigh an leabhrán go Gaeilge faoin teideal An Doirseoir agus Glór Cheatharlach a chuir ar fáil ar dhlúthdhiosca.

Tugadh an cuireadh don Mhuircheartach, cara mór na Gaeilge i gCeatharlach le tríocha bliain anuas, an pacáiste a sheoladh go hoifigiúil agus ghlac sé leis go fonnmhar. Faoi mar a dúirt sé "Is aoibhinn liom teacht go Ceatharlach". Mhol sé an pacáiste go hard na spéire agus dúirt gur fiú an rogha teanga a chur ar fáil do dhaoine chomh fada agus is féidir. Ina chás féin roghnaíonn sé an Ghaeilge i gcónaí agus mhol sé bealach láidir an dátheangachais atá i réim i gCeatharlach i láthair na huaire. Mhol sé An Doirseoir mar áis d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge. Mar chuimhneachán ar a chuairt bronnadh plaic leis an ealaíontóir Anne Murphy ar Mhícheál ag léiriú Naomh Breandán, an loingseoir a thaisteal i bhfad ó bhaile agus de réir na seanscéalta fiú suas an Bearbha chomh fada le Gráig na Manach agus an cnoc ann dar teideal Mount Brandon.

Tá An Doirseoir ar fáil ar chostas €5 in Ionad Pharóiste na hArdeaglaise, in oifig Mhainistir na gCaipisíneach agus ó Glór Cheatharlach. Tuilleadh eolais ach glaoch ar 085 1340047 nó emma@glorcheatharlach.ie

Bronnadh teastas agus an fáinne ar ghrúpa de rannpháirtithe na gcúrsaí Gaelchultúir agus seoladh sraith nua na gcúrsaí a bheidh ar siúl ní hamháin i gCeatharlach ach go náisiúnta le tosnú ag tús Mhí Feabhra. Ag fógairt deascéala do Cheatharlach a bhí Éamonn Ó hArgáin thar cheann Foras na Gaeilge agus €164,000 de mhaoiniú faoin Scéim Phobail Gaeilge 2011-20133 ar an slí go Glór Cheatharlach thar an treimhse trí bliana. In onóir don ócáid chan Treasa Ní Eachthghuirn amhrán nuachumtha agus thug rinceoirí seite na Dolmaine taispeántas spleodrach den Sliabh Luachra. Deascéalta agus bronntaí i gcaitheamh na hoíche. Oíche mhór cheiliúrtha gan dabht.